# Cén baint atá ag Obair Choimisiún um Athchóiriú an Dlí le Comhionannas?

Go simplí, tá obair an Choimisiún dírithe ar an dlí a athchóiriú ionas go mbeidh sé uas-dátaithe, éifeacht agus cóir. Tá an Coimisiún ar an bhfód le 50 bliana anois agus tá dhá ghné ag baint leis an obair atá á dhéanamh ann – sa chéad áit, déanaimid athbhreithniú ar an dlí agus molaimíd athraithe atá praicticiúil, riachtanach agus ór-chaighdeánach.

Tá an dara gné den obair a dhéanaimid dírithe ar rochtain a éascú – tríd an reachtaíocht a thabhairt chun data agus í a chur ar fáil go digiteach.

Tá dhá fhoinse oibre ag an gCoimisiún – clár oibre a shocraíonn an Rialtas agus iarratais ón Ard Aighne. De ghnáth, bímid ag obair ar tionscnamh a athníodh trí chomhrá poiblí ar ghlac an rialtas leis mar ábhar cuí le ath-chóiriú a dhéanamh ach ó am go ham, tagann ábhar práinneach faoinar mbráid le hiarrtas ón Ard Aighne athchóiriú a dhéanamh ar ábhar áirithe. Nuair a tharlaíonn sé sin, tógann an obair sin tús áite ar ár gclár oibre.

Táimíd ag críochnú na tionscadal ón gcúigiú clár faoi láthair – tá súil againn tuarascáil maidir le cúiteamh d'iospháirtithe coireanna foréigneacha a fhoilsiú le gairid mar shampla agus páipéar comhairliúcháin a fhoilsiú maidir le caighdeánú eagraíochtaí Breithneora, cosúil le IPAT nó an WRC.

Beidh clár nua á chur le céile i 2026. Tabharfar cuireadh don phobail moltaí a dhéanamh maidir le réimsí den dlí ar cheart iad a athchóiriú agus déanfaimid scagadh ar na hábhar sin chun feiscint cé acu na tionscadal is fiúntacha, is suimiúla agus is riachtanaí. Cuirfear liosta faoi braid an Rialtais agus socróidh siad an clár oibre don chéad réimse eile athchóirithe.

## Próiseas Comhairliúcháin

Is próiseas ionchuimsitheach é athbhreithniú an dlí. Tosaíonn sé le tuairim agus téann sé chun cinn le plé le dlíodóirí, baill den phobail, eagraíochtaí atá faoi réir an dlí reatha, saineolaithe, acadóirí, breithiúna, polaiteoirí agus éinne atá aon ionchuir acu san ábhar, chomh fada agus is féidir é sin a dhéanamh.

Cuirtear an léargas a bhailítear le chéile agus foilsítear páipéar comhairliúcháin sa chéad áit agus nuair atá scagadh agus anailís déanta ar an aiseolas a fhaightear, agus nuair atá súil caite ar an dlí atá i bhfeidhm i dtíortha eile, cuirtear moltaí le chéile chun an dlí a athchóiriú agus órchaighdeán a leagadh síos.

Cén baint atá aige sin leis an téarma áirithe seo atá á phlé anois – sé sin  Comhionannas agus an dlí? Tabharfaidh mé cúpla sampla d'obair atá déanta againn chun cearta comhionannas a thacú agus a láidriú.

1. **An Dlí maidir le Neamhdhlisteanachas**

I 1982, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil a mhol an Tuarascáil go mbainfí coincheap na neamhdhlisteanachta as an dlí agus go ndéanfaí cearta leanaí a rugadh lasmuigh den phósadh a chothromú le cearta leanaí a rugadh laistigh den phósadh. Mhol sé go mbeadh toimhde inchúlghairthe (rebuttable) ann maidir le hathaireacht fhear céile mháthair linbh i gcúinsí sonracha agus go mbeadh teastais bhreithe ina bhfianaise inchúlghairthe ar atharthacht.
Moladh go mbeadh gach leanbh, beag beann ar stádas pósta a dtuismitheoirí in ann iarratas a dhéanamh ar chothú agus go mbeadh na cearta céanna comharbais ag gach páiste, na páistí a raibh na tuismitheoirí pósta agus iad siúd nach raibh.

2. **An Gá le Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach**

Ón nuacht le déanaí, beidh a fhios agaibh nach bhfuil ann ach méid beag reachtaíochta in Éirinn atá ábhartha do chumhdach aosach. Cé go bhfuil threoirlínte, beartais agus bearta oibríochtúla ann atá ábhartha do chumhdach aosach in Éirinn, tá teorainn ann ó thaobh a n-éifeachtachta de agus ó thaobh an raoin suíomhanna agus seirbhísí a bhfuil feidhm acu maidir leo. Mhol an Coimisiún gur féidir níos mó a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir le daoine aosta rochtain a fháil ar sheirbhísí tathanta/abhcóideachta neamhspleácha. Leanann an obair seo ó obair an Choimisiún i 2006 maidir leis an dlí a bhain le aosaigh leochaileacha – an toradh a bhí ar sin ná an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

De gnáth, ullmhaítear agus foilsítear dréacht de Bhille in éineacht le  Tuarascáil, ciallaíonn sé sin go mbíonn forálacha réidh le cur i bhfeidhm, rud a éascaíonn Bille a achtú go tapaigh. Maidir leis an Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach, dhéanamar 2 dhéacht Bhille – ceann sibhialta agus ceann coiriúil.

An tEolaire Reachtaíochta (Legislation Directory)

Ansin tagann ár obair um Rochtain ar Reachtaíocht. Chun rochtain ar an dlí a éascú, coimeádann muid taifead de na leasuithe ar reachtaíocht agus foilsímid iad ar an Eolaire Reachtaíochta. Táblaí Croineolaíocha na Reachtanna a tugadh air seo ar dtús báire – scairt (shout out?) ar my dheirfiúr Shinead a bhí gafa leis seo ó thús!! Ó 2007 i leith, tá an LRC freagrach as an LD a uas-dhátu ar chos iarratas ón Ard-Aighne.

Is innéacs é seo atá ar fáil go poiblí ina bhfuil taifead de na hathruithe ar reachtaíocht phríomha ó na tréimhsí roimh agus i ndiaidh 1922, agus ar reachtaíocht thánaisteach ó 1999 ar aghaidh. Tá an leagan reatha den Eolaire Reachtaíochta á óstáil ar Leabhar Reachtanna na hÉireann ar líne. eISB

Mar shampla, más mian leat féachaint cad iad na bealaí inar leasaíodh an tAcht Comharbais 1965, breathnaigh ar 1965, aimsigh an tAcht Comharbais agus breathnaigh ar an tábla athruithe nó "éifeachtaí reachtacha". Tá hipear-nasc sa reachtaíocht leasaitheach ionas gur féidir leat a sheiceáil go tapa cad é an leasú a déanadh.

Is foinse ríthábhachtach faisnéise é an tEolaire Reachtaíochta do chleachtóirí dlí agus d'aon duine a oibríonn le reachtaíocht chun cabhrú leo an leagan reatha den dlí a sheiceáil. Is é an príomh-innéacs é chun rochtain ar an dlí a sholáthair d'úsáideoirí.

Tá ról lárnach ag an Eolaire Reachtaíochta i gcomhthéacs níos leithne na bprionsabal um Rialáil Níos Fearr. Sin iad na prionsabal atá liostaithe i Ráiteas Beartais an Rialtais ar Rialáil le hAghaidh Todhchaí Níos Fearr ( a d'fhoilsigh Roinn an Taoisigh, 2013).

Áirítear orthu sin prionsabal na trédhearcachta, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil rochtain ag cách ar an reachtaíocht. Feiciú don Rialtas gurb fhéidir é sin a bhaint amach go háirithe trí reachtaíocht a chur ar fáil ar líne, agus mar gheall ar sin, is cuid de straitéis ríomh-reachtaíochta an Rialtais é an reachtaíocht a chur ar fáil i bhfoirm digiteach.

Tá gnéithe suntasacha den straitéis seo i bhfeidhm cheana féin. Áirítear orthu sin Leabhar Reachtanna na hÉireann (eISB) leictreonach, ina bhfuil téacs iomlán na nAchtanna agus na nIonstraimí Reachtúla mar a achtaíodh iad. Anuas ar sin, tá an tEolaire Reachtaíochta, atá mar threoir inchuardaithe ar athruithe reachtaíochta mar a luadh cheanna.

Tá gnéithe eile ann cosúil leis an Córas Ionstraimí Reachtúla (eSIS – a bhaineann le Sis nó reachtaíocht Táinisteacha), an córas Binse Oibre Reachtaíochta i dTithe an Oireachtais agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn.

Tá eilimint thábhachtach bhreise i gceist leis na hAchtanna Athbhreithnithe – sé sin an rochtain a sholáthraíonn siad ar théacs comhdhlúite, arna leasú, do líon mór Achtanna.

**Obair an Choimisiúin ar an LD**

Déanann an Coimisiún cothabháil leanúnach ar an Eolaire Reachtaíochta. Comhlánaíonn sé sin obair an Choimisiúin ar na hAchtanna Athbhreithnithe – úsáideann míd an taighde san Eolaire Reachtaíochta chun leaganacha cothrom le dáta den reachtaíocht a tháirgeadh.

I mí Iúil 2008 d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar The Legislation Directory: Towards a Best Practice Model. Bhí sé mar aidhm ag an bpáipéar seo ábhar agus inrochtaineacht an LD a fheabhsú. I measc na moltaí chun an tEolaire a fheabhsú bhí nuashonruithe níos tráthúla, faisnéis chuimsitheach faoi thosach feidhme na nAchtanna agus a bhforálacha aonair a áireamh, agus na hionstraimí reachtúla a chomhcheangal leis na hAchtanna cumasúcháin cuí. Thosaigh an Coimisiún ar na tograí sin a chur i gcrích 2009.

D’aithin an Coimisiún freisin go raibh gá le hinnéacs comhchosúil le haghaidh ionstraimí reachtúla. Leasaítear go leor ionstraimí reachtúla le hionstraimí reachtúla eile, ach ní raibh an fhaisnéis seo á rianú. Ba chúis mhór é sin le héiginnteacht, botúin agus moilleanna. Bhí an reachtaíocht do-léite agus chaith úsáideoirí na reachtaíochta am íditheach ag cuardú sa stór reachtaíochta.

Ó 2009 i leith, tá Eolaire Reachtaíochta forbartha ag an gCoimisiún d’ionstraimí reachtúla don tréimhse siar go dtí 1999. Tá na hathruithe a rinneadh ar ionstraimí reachtúla fós á dtaifeadadh san Eolaire sin.

Feiceann an Coimisiún go bhfuil gá leis an Eolaire Reachtaíochta d’Ionstraimí Reachtúla a leathnú siar go dtí 1972 ar a laghad, (sé sin ón am gur ghlacamar ballraíocht de na Comhphobail Eorpacha), ach níl na hacmhainní againn go dtí seo chun é sin a dhéanamh.

Rinneadh obair eile chun eolas a bhí san innéacs cheana féin a chomhlánú. Chuir an Coimisiún éifeachtaí reachtacha a rinneadh roimh 1922 le reachtaíocht réamh-1922 arna chaomhnú ag an Acht um Athbhreithnithe ar an Dlí Reachtúil 2007, nach raibh san áireamh roimhe seo. Rinneadh athbhreithniú mór ar na hionstraimí reachtúla go léir chun na hionstraimí reachtúla go léir a shainaithint a bhí fós i bhfeidhm, a bhí caite nó a bhí imithe i léig. Tá obair ar siúl chun iad seo a chur le Liosta Rangaithe Reachtaíochta, a aicmítear faoina nAchtanna cumasúcháin.

**Achtanna Athbhreithnithe**

Foilsímid Achtanna Athbhreithnithe freisin, a chomhdhlúthaíonn gach leasú ar Acht in aon téacs amháin, a úsáideann cleachtóirí, acadóirí agus an pobal go minic. Tá breis agus 540 Acht athbhreithnithe again anois, cúpla ceann ullmhór ina meacs, mar shampla, an tAcht Iascaireachta!! Go gairid beidh leagan athbhreithnithe de Acht na dteangacha Oifigiúla ar fáil, tá an Roinn Aistriúcháin ag caitheamh súil thar an mhéid atá déanta le cinntiú go bhfuil sé ceart ó thaobh na Gaeilge de. Tá fógra glas le léiriú go soiléir go bhfuil an tathbhreithniú suas le data nó dearg mura bhfuil agus go luath, beidh

na tús dátaí feishmeancha níos soiléire ar na hAchtanna. Úsáideannmíd AI chun cuid den obair seo a dhéanamh.

**Tionscadal Athbhreithnithe an Dlí Reachtúil (SLRP)**

Tríd an Tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, sainaithnímid reachtaíocht atá as dáta agus cinnimid ar cheart í a choinneáil nó a aisghairm, ag cinntiú Leabhar Reachtanna nua-aimseartha agus inrochtana.

Tá Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2024 ós comhar an Oireachtais faoi láthair. Sa Bhille sin, léirítear roinnt príomhfhorbairtí stairiúla agus sóisialta ó 1800 go 1860 in orduithe a rinneadh agus dá dtagraítear sa Bhille. Mar shampla, tá os cionn 2,500 forógra sa Bhille a thugann lua-íochtaí as coirpigh a ghabhail mianithe le haghaidh cúlghairm.

Tá cuid de na coireanna fós coitianta ach chonacthas roinnt cineálacha áirithe de ghníomhaíocht choiriúil sa tréimhse freisin, lena n-áirítear: (a) Tithe a chur trí thine, bó-thithe, féir, sciobóil, agus muilte coerce a chur tri thine, (b) Uibheacha a bhriseadh, fógraí bagracha a phostáil maidir le talamh, vótáil agus prátaí, agus (c) ionsaithe le maidí agus clocha agus neantóga.

Tugann na horduithe seo léargas dúinn freisin ar chorraíl shóisialta agus ar ghníomhaíocht polaitiúl ag an am. Léiríonn anailís gurb é Tiobraid Árann an contae leis na forógraí is mó a taifeadadh, le 426. Is é Ciarraí an contae is lú, le 15. Bhí 71 forógra ag Baile Átha Cliath.

Rinneadh ordú a eisíodh ar 7 Deireadh Fómhair, 1843 sa Dublin Gazette “ag tabhairt foláireamh do gach duine staonadh ó fhreastal ar chruinniú a thionólfar i gCluain Tarbh an 8 Deireadh Fómhair, 1843, chun na críche líomhnaithe go n-achainí ar an bParlaimint an tAontas reachtach idir an Bhreatain Mhór agus Éirinn a aisghairm”. B’shin iarracht srian a chur ar na ‘Monster Meetings’ a d’eagraigh an dlíodóir agus polaiteoir Daniel O’Connell. D’fhoilsigh údarás na Breataine póstaeir ar fud Baile Átha Cliath ag rá go raibh cosc ar an gcruinniú. Chomhlíon Ó Conaill an tÓrdú sin ach fuair sé aisfhreagra ón bpobaill dá dheasca. Anuas ar sin, gabhadh é trí lá níos déanaí.

Déantar targairt ar an Gorta Mór in orduithe éagsúla, cosúil leis na hordaithe ina bhfuil paidreacha ag guí do fhaoiseamh ó ghanntanas bia agus le haisghabháil ó eipidéim calar ina dhiaidh sin a mhaígh saolta na mílte duine a bhí lagaithe cheana féin ag an ocras. Ní hamháin go ndéanann na horduithe seo doiciméadú ar fhreagraí an rialtais ar

ghéarchéimeanna ach léiríonn siad freisin frithghníomhartha sochaíocha, lena n-áirítear frithsheasmhacht, gníomhaíochtaí coiriúla, agus na bearta éadóchasach a ghlacann daonra atá ar tí titim amach.

Tháinig deireadh le Cogadh na Criméaigh tar éis Chonradh Pháras ar 30 Márta, 1856. Liostáil beagnach 30,000 Éireannach in Arm na Breataine le linn Chogadh na Criméaigh, rud a dhaingnigh ról na hÉireann mar bhunáit earcaíochta míleata d'Impireacht na Breataine. Cé go raibh ról suntasach acu i gcathanna móra ar nós an Alma agus an Inkerman, d'fhill siad ar chruatan in Éirinn.

Tugann na horduithe thuas léargas fíorluachmhar ar stair dhlíthiúil agus shóisialta na hÉireann, ag léiriú dúshláin rialachais na linne agus athléimneacht (resilience) shochaí na hÉireann.

Ní hamháin go gcaomhnaíonn a gcuimsiú sa Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2024 an stair seo ach cuireann sé béim freisin ar athraitheachas an dlí mar fhreagra ar athrú sochaíoch.

Tá súil agam go bhfuil sé soiléir ón méid atá ráite agam go bhfuil tréan obair á dhéanamh ag an gCoimisún. Cinntíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí go bhfanann dlí na hÉireann ábhartha agus inrochtana do chách. Is gné de chomhionnas é sin, gan dabht ar bith. Ní deireadh ré é ar chor ar bith dar leis an gCoimisiún, ach a mhalairt!